Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus speansais na Príomh-Oifige Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €3.945 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

**Dímheas**

Tá sócmhainní a chosain €7.864 milliún agus ar baineadh feidhm astu le linn Dhaonáireamh 2022 á ndímheas thar thréimhse dhá bhliain ag tosú i mí an Mheithimh 2022.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Stiúrthóir. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a chur orm maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus um thuairisciú rialta don lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú leanúnach é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca á fheidhmiú laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal i bhfeidhm.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam, agus go bhfuil oiliúint chuí curtha ar phearsanra na feidhme sin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá ann don Oifig bonn eolais faoina cuid oibre agus is ar an anailís sin a bhíonn a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa féin, bunaithe. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú rialta ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear de bhun thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas ó thaobh ceannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Tá mionsonraí tugtha ag an Oifig ar naoi gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte i gcás gach ceann de na conarthaí in 2022 agus tá sé sin léirithe sa tuairisceán bliantúil 40/2002 a bhfuil tagairt déanta air faoi 'Soláthar' thuas.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Oifig lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí, chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an bord riosca an clár rioscaí a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil agus déanann an bord bainistíochta é a cheadú gach bliain.

Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don bhord riosca, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Ró-íocaíocht an liúntais oifige baile***

Déanann an Oifig suirbhéanna leanúnacha chun sonraí a bhailiú ó theaghlaigh in Éirinn. Tá fórsa saothair buan allamuigh maidir le suirbhé ar theaghlaigh de thart ar 130 comhordaitheoir agus agallóir ag an Oifig agus earcaítear baill foirne shealadacha allamuigh sa bhreis chun suirbhéanna timthriallacha a dhéanamh.

Cuireadh íocaíocht le haghaidh liúntas oifige baile/stórála don fhoireann allamuigh i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 ar aghaidh ag ráta €16.01 sa tseachtain, i gcomhréir le Tuarascáil Ghinearálta 1438 ón gComhairle, 2004. Le linn 2022, shainaithin an Oifig gur laghdaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe an liúntas síos go €12.77 sa tseachtain le héifeacht ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh. Cuireadh an ráta ceart liúntais i bhfeidhm le héifeacht ón 24 Aibreán 2023 ar aghaidh.

Bhí an ráta mícheart seachtainiúil liúntais á íoc ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 go dtí mí Aibreáin 2023 agus bhí ró-íocaíocht €3.24 sa tseachtain in aghaidh an bhaill foirne allamuigh i gceist. Ríomhadh gurb é thart ar €93,000 san iomlán an tsuim a íocadh agus baineann sé le 348 mball foirne i dtréimhsí difriúla fostaíochta. Tá an Oifig ag iarraidh na suimeanna a ró-íocadh a fhorchúiteamh ó na baill foirne ábhartha/na hiar-bhaill foirne ábhartha/na pinsinéirí ábhartha i gcomhréir le ciorclán 7/2018 na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

Is fíorchasta atá suirbhéanna na Príomh-Oifige Staidrimh ar theaghlaigh agus bíonn athruithe seasta le feiceáil sna sonraí a bhailítear agus sa líon agallóirí atá ar dhualgas bailithe allamuigh. Déantar íocaíochtaí éagsúla a riar, lena n-áirítear an liúntas oifige baile/stórála, trí phróiseas éileamh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le costais taistil agus chothaithe. Tá an Oifig i mbun oibre leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun an íocaíocht maidir leis an liúntas sin a athrú chuig an bpróiseas párolla. Tá an Oifig ag déanamh tuilleadh infheistíochta freisin in acmhainní cuntasóirí gairmiúla chun cur lenár n-anailís agus lenár n-athbhreithniú ar chaiteachas.

**Pádraig Dalton**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

25 Lúnasa 2023

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis An Phríomh-Oifig Staidrimh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Clár staidrimh bliantúil a sholáthar | 105,605 | 102,071 | 61,880 |
| | | **105,605** | **102,071** | **61,880** |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **2,120** | **2,531** | **1,663** |
| **Glanchaiteachas** | | **103,485** | **99,540** | **60,217** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **3,944,786** | **2,938,409** |

**Pádraig Dalton**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

30 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 77,814 | 48,028 |
| Neamhphá | | 24,257 | 13,852 |
| **Ollchaiteachas** | | **102,071** | **61,880** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 2,531 | 1,663 |
| **Glanchaiteachas** | | **99,540** | **60,217** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (3,188) | | |
| Dímheas | 4,121 | 933 | (2,913) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (245) | | |
| Laghdú ar fhardail | 144 | (101) | (633) |
| **Caiteachas díreach** | | **100,372** | **56,671** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 11,556 | 8,816 |
| Measchíosanna | | 1,706 | 1,706 |
| **Glanchostas an chláir** | | **113,634** | **67,193** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 4 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,216 | 1,259 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 8,337 | 6,484 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,389 | 971 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 614 | 102 |
| | | **11,556** | **8,816** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 14,830 | 19,293 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,687 | 981 |
| Fardail | 2.3 | — | 144 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 2,352 | 1,968 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 152 | 113 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 204 | 108 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 500 | 753 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **4,895** | **4,067** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 540 | 362 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 2,391 | 1,842 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,931** | **2,204** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,964 | 1,863 |
| **Glansócmhainní** | | **16,794** | **21,156** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **16,794** | **21,156** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 73,041 | 3,206 | 11,731 | 87,978 |
| Breiseanna | 157 | — | 3,031 | 3,188 |
| Diúscairtí [a] | (30,289) | — | — | (30,289) |
| Aistrithe | 10,432 | — | (10,432) | — |
| Coigeartuithe [b] | (3,942) | (2,303) | (3,207) | (9,452) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 49,399 | 903 | 1,123 | 51,425 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 65,580 | 3,105 | — | 68,685 |
| Dímheas don bhliain | 4,108 | 13 | — | 4,121 |
| Dímheas ar dhiúscairtí [a] | (30,289) | — | — | (30,289) |
| Coigeartuithe [b] | (3,669) | (2,253) | — | (5,922) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 35,730 | 865 | | 36,595 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **13,669** | **38** | **1,123** | **14,830** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 7,461 | 101 | 11,731 | 19,293 |

Nóta [a] Mar chuid den tionscadal chun fáil réidh le sócmhainní is lú ná €10,000, rinneadh athbhreithniú ar na sócmhainní ar fad a bhí fágtha. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, bhí méadú ann ar dhiúscairtí sa bhliain. Bhí costas bunaidh fála €30.289 milliún ag diúscairtí 2022 agus bhain €29.974 milliún de sin le diúscairt na sócmhainní bogearraí a bhfuil dímheas iomlán déanta orthu agus atá as feidhm.

[b] Baineann coigeartuithe le sócmhainní a chosain níos lú ná €10,000 a bhaint den chlár sócmhainní arbh fhiú glansuim €326,000 san iomlán iad, chomh maith le coigeartú ar luach tosaigh na sócmhainní atá á bhforbairt arbh fhiú €3.204 milliún san iomlán iad - glanchoigeartú €3.53 milliún san iomlán. Léirítear an coigeartú sa chuntas maoinithe Stáit (nóta 2.9).

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 1,686 | 979 |
| Mionairgead | 1 | 2 |
| | **1,687** | **981** |

## 2.3 Fardail [a]

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | — | 99 |
| Ábhair inchaite TF | — | 18 |
| Dearbháin bhronntanais | — | 27 |
| | **—** | **144** |

Nóta [a] Ag tosú sa bhliain 2022, cláraítear earraí mórmhéide íseal-luacha mar chaiteachas iomlán sa bhliain, agus ní chláraítear iad mar earraí stoic a thuilleadh.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 1,911 | 1,568 |
| Poiblíocht an Daonáirimh | 3 | 227 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 438 | 173 |
| | **2,352** | **1,968** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Maoiniú deontais dlite ón Aontas Eorpach | 152 | 113 |
| | **152** | **113** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 32 | 26 |
| Caiteachais in-fhorchúitithe maidir le taisteal | 9 | — |
| Caiteachas in-fhorchúitithe faoin scéim pas taistil | 4 | 9 |
| Iarmhéid ar fionraí le hOifig na nOibreacha Poiblí | 95 | 51 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 64 | 22 |
| | **204** | **108** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 768 | 659 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 514 | 432 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 53 | 121 |
| Cáin bhreisluacha | 45 | 19 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 175 | 219 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 5 | 5 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 148 | 129 |
| | 1,708 | 1,584 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 197 | 183 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 486 | 75 |
| | **2,391** | **1,842** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 3,945 | 2,938 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,445) | (3,691) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(500)** | **(753)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,687 | 981 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 204 | 108 |
| | 1,891 | 1,089 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,708) | (1,584) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (683) | (258) |
| | (2,391) | (1,842) |
| | **(500)** | **(753)** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | **Nóta** | | **2022** | **2021** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 21,156 | 17,610 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 103,485 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (3,945) | | |
| Glanvóta | | | 99,540 | 60,217 |
| Míreanna neamhairgid - coigeartú i ndáil le sócmhainní caipitil | 2.1 | | (3,530) | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 11,556 | 8,816 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 1,706 | 1,706 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (113,634) | (67,193) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **16,794** | **21,156** |

## 2.10 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 12,582 | 7,121 |

## 2.11 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | 10 | 1 |

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le suim iarbhír ná uainiú na ndliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh aicmithe mar chaiteachas riaracháin a chaitear ar chlár aonair: clár staidrimh bliantúil a sholáthar.

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin [a]** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 79,787 | 77,814 | 48,028 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,105 | 748 | 186 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 3,146 | 2,584 | 1,747 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,304 | 1,436 | 1,230 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 11,354 | 11,679 | 8,445 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,196 | 1,745 | 1,466 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 105 | 12 | 18 |
| viii | Bailiúchán staidrimh | 7,608 | 6,053 | 760 |
| | | **105,605** | **102,071** | **61,880** |

Nóta [a] Tá maoiniú ón Aontas Eorpach maidir leis an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, dar luach €1.5 milliún san iomlán, ar áireamh sa soláthar meastacháin iomlán do 2022. Ba é €1.102 milliún an caiteachas iarbhír sa bhliain 2022. Féach nóta 6.1.

### Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €1.105 milliún; toradh €748,000*

Bhí laghdú €357,000 ar chaiteachas ar thaisteal agus cothú i gceist de bharr srianta taistil a d’eascair as paindéim Covid- 19.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €1.196 milliún; toradh €1.745 milliún*

Bhí méadú €549,000 ar chaiteachas ar chostais áitribh oifige i gceist de bharr caiteachas breise ar fheabhsúcháin oifige, de bharr obair a bhain le Covid- 19, de bharr riachtanais oibre cumaisc agus de bharr costais fuinnimh.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ón Aontas Eorpach | 530 | 906 | 182 |
| 2 | Ilghnéitheach | 70 | 83 | 96 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 1,520 | 1,542 | 1,385 |
| | **Iomlán** | **2,120** | **2,531** | **1,663** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist (+/- 5% agus €100,000).

**1 Fáltais ón Aontas Eorpach**

*Soláthar meastacháin €530,000; réadaithe €906,000*

Bhí méadú €376,000 i gceist mar gheall, go pointe áirithe, ar dhifríocht ama ar an deontas comhtháite staidrimh feirme €250,000 a fháil – íocadh é in 2022 in ionad 2023. Bhí na trí dheontas eile ón Aontas Eorpach a fuarthas le linn 2022 níos mó ná an luach measta.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **1,001** | **898** |

### 5.2 Pá

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 69,898 | 44,103 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,589 | 280 |
| Ragobair | 266 | 63 |
| ÁSPC an fhostóra | 6,061 | 3,582 |
| **Pá iomlán** [a] | **77,814** | **48,028** |

Nóta [a] Is ionann figiúr an phá iomláin agus é sin i bhfo-mhírcheann A(i).

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí [a] | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 597 | 4 | 15,523 | 14,419 |
| Ragobair nó freastal breise | 125 | 3 | 20,632 | 10,846 |
| Liúntais eile | 4 | — | 65 | 40 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 18 | 8 | 27,920 | 18,406 |

Nóta [a] Tháinig líon níos airde faighteoirí liúntais chun cinn in 2022 mar gheall ar liúntais a íocadh le foireann maoirseachta allamuigh shealadach daonáirimh. Tabhaíodh ragobair bhreise le linn 2022 lena chinntiú go mbainfí spriocdhátaí próiseála daonáirimh amach.

## 5.4 Foireann na Príomh-Oifige Staidrimh de réir banda pá

Is mar seo a leanas atá líon fostaithe na hOifige a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra ná costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh.

| Banda pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 727 | 646 |
| 60,000 | 69,999 | 70 | 54 |
| 70,000 | 79,999 | 34 | 46 |
| 80,000 | 89,999 | 59 | 60 |
| 90,000 | 99,999 | 29 | 17 |
| 100,000 | 109,999 | 17 | 19 |
| 110,000 | 119,999 | 14 | 8 |
| 120,000 | 129,999 | 1 | — |
| 130,000 | 139,999 | — | — |
| 140,000 | 149,999 | — | 2 |
| 150,000 | 159,999 | 2 | 3 |
| 160,000 | 169,999 | 3 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | 1 | — |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | — | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe eile luacha saothair

Rinneadh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €7,200 le linn 2022. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Ní raibh aon oifigigh ag fónamh taobh amuigh den Oifig ar feadh na bliana 2022 ar fad nó ar feadh cuid di agus arbh í an Oifig a d'íoc a dtuarastal leo.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 33 oifigeach a bhí ar seirbhís lasmuigh den Oifig ar feadh na bliana 2022 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí eile rialtais a d’íoc a dtuarastal.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 70 | 100,656 | 82,554 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 28 | 53,386 | 48,395 |

Rinneadh ceithre phlean aisghabhála ró-íocaíochta i bhfeidhm i leith ceathrar arbh ionann a luach agus €4,871 a aistriú chuig ranna eile le linn na bliana.

Bhí ró-íocaíochtaí ann arbh ionann iad agus €2,296 san iomlán maidir le 23 áiritheoir ar Dhaonáireamh 2022. Ó tharla go raibh suim réasúnta beag i gceist, measadh gur dhócha nach mbeadh sé barainneach iarracht a dhéanamh na ró-íocaíochtaí sin a fhorchúiteamh. Dá bhrí sin, rinneadh cinneadh gan forchúiteamh na ró-íocaíochtaí sin a lorg agus níl siad ar áireamh sna suimeanna sa nóta.

Chomh maith leis na ró-íocaíochtaí atá le feiceáil thuas, sainaithníodh ró-íocaíochtaí féideartha maidir le liúntais costas oifige baile/stórála do 348 mball foirne allamuigh thar an tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 go dtí mí Aibreáin 2023. Luacháladh iad sin ag luach measta €93,000 san iomlán. Tá socruithe maidir leis na suimeanna ró-íoctha a aisghabháil á gcur chun cinn. Féach freisin ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais.

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí sochair inchánacha agus luach saothair an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 202 | 190 |

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse. Is comhalta den scéim pinsin sheanbhunaithe roimh 1995 é an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní théann a chuid teidlíochtaí i leith sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Faigheann an Oifig maoiniú i dtaca le tionscadail/suirbhéanna a dhéantar thar ceann Eurostat. Le linn 2022, fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh ioncam €906,204 san iomlán ón Aontas Eorpach de bharr ceithre chonradh. Bhain dhá chonradh le bailiúchán sonraí chun comparáidí paireachta cumhachta ceannaigh a éascú idir praghsanna príomhchathrach dar luach €200,055 san iomlán. Bhain an tríú conradh leis an daonáireamh talmhaíochta arbh fhiú €456,149 san iomlán é agus bhain an ceathrú conradh le staidreamh feirme comhtháite arbh fhiú €250,000 san iomlán é. Aithníodh an maoiniú sin mar leithreasaí-i-gcabhair in 2022.

Dámhadh maoiniú ón Aontas Eorpach maidir leis an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta arbh fhiú €1.5 milliún san iomlán é (caiteachas iarbhír €1.102 milliún) don Oifig sa bhliain 2022 i dtreo na chéad gharsprice maidir le hardán daonáirimh ar líne a sholáthar. Cuireadh an deontas sin le leithdháileadh na hOifige trí shásra vótála na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn sa bhliain**

| | Iomlán 2022 | Iomlán 2021 |
|---|---|---|
| Líon na gcásanna | 4 [a] | 3 |
| | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne í féin | 1 | 9 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | |
| Cúiteamh | — | 95 |
| Costais dlí | 40 | — |
| Costais eile | 13 | 2 |
| **Iomlán** | **54** | **106** |

Nótaí

a Tabhaíodh costais maidir le ceithre éileamh a rinne fostaithe. Níor íocadh aon chúiteamh in 2022.

b Ag an 31 Nollaig 2022, bhí na héilimh seo a leanas fós le híoc: éilimh dhíobhála pearsanta - seacht gcinn (2021: seacht gcinn); éilimh chaillteanais nó dhíobhála - dhá cheann (2021: nialas); cásanna dlí fostaíochta (an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre) - trí cinn (2021: nialas).